BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

13 Márta 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Clásail mhí-úsáideacha i gconarthaí tomhaltóirí – Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) – Prionsabal na coibhéise– Conarthaí maidir le hiasachtaí morgáiste – Clásal lena bhforáiltear don tomhaltóir íoc as táillí a bhaineann leis an gconradh – Caingean le haghaidh neamhniú – Tréimhse theorann do chaingean maidir le méideanna a íocadh go míchuí – Caingne arb é is aidhm dóibh, faoi seach, clásal conarthach a dhearbhú a bheith ar neamhní agus éifeachtaí aisghníomhacha dearbhú den sórt sin a agairt faoi réir tréimhsí teorann éagsúla)

I gCás C-230/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Juzgado de Primera Instancia de La Coruña (Cúirt Chéadchéime La Coruña, an Spáinn), trí bhreith an 12 Márta 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Márta 2024, sna himeachtaí

MF

v

Banco Santander SA,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: N. Jääskinen, Uachtarán an Dlísheomra, M. Condinanzi agus R. Frendo (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. D. Spielmann,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Banco Santander SA, ag G. Fernández-Bravo, C. García Vega agus J. Rodríguez Cárcamo, abogados,

– Rialtas na Spáinne, ag A. Pérez-Zurita Gutiérrez, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

– an Coimisiún Eorpach, ag I. Galindo Martín agus P. Kienapfel, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú leis an léiriú atá ar phrionsabal na coibhéise, ar Airteagail 6(1) agus 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir MF, tomhaltóir, agus Banco Santander SA maidir leis an iarratas ar dhearbhú go bhfuil téarma comhaontaithe iasachta neamhbhailí ar an bhforas go bhfuil sé éagórach.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Faoi Airteagal 6(1) de Threoir 93/13:

‘Forálfaidh na Ballstáit nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna thabhairt i gcrích le tomhaltóir ag díoltóir nó ag soláthróir ina gceangal ar an tomhaltóir, mar a fhoráiltear faoina ndlí náisiúnta, […]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 7(1) den Treoir sin:

‘Áiritheoidh na Ballstáit, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus n-iomaitheoirí, gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid leanúnach a bhaint as téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag díoltóirí nó ag soláthróirí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Spáinne

An dlí ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí agus úsáideoirí

5 Rinneadh athmhúnlú ar Real Decreto Legislativo 1/2007, por el que se aprueba el texto refundido de la Ley General para la Defensa de los Consumidores y Usuarios y otras leyes complementarias (Foraithne Ríoga Reachtach 1/2007, lena ndéantar dlí ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí agus úsáideoirí agus dlíthe forlíontacha eile a athmhúnlú) an 16 Samhain 2007, (Iris Oifigiúil Stáit na Spáinne Uimh. 287, an 30 Samhain 2007, lch. 491981), a leasaíodh le Dlí 5/2019 (‘an dlí ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí agus úsáideoirí’).

6 Foráiltear le hAirteagal 82, dar teideal ‘An coincheap “téarmaí éagóracha”’

‘1. Measfar gurb éagórach téarma conartha nár caibidlíodh ar leithligh agus gach cleachtas nár tugadh comhaontú sainráite ina leith agus, d’ainneoin an cheanglais maidir le creideamh macánta, lena gcruthaítear éagothroime shuntasach chun aimhleasa an tomhaltóra nó an úsáideora idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh.’

[…]

3. Déantar cineál éagórach téarma a mheas trí chineál na n-earraí nó na seirbhísí is cuspóir don chonradh a chur san áireamh agus tagairt a dhéanamh, ar dháta thabhairt i gcrích an chonartha, do na himthosca uile a bhaineann leis an tabhairt i gcrích sin, lena n-áirítear téarmaí conarthacha eile, nó conradh eile ar a bhfuil sé spleách.

[…]’

7 Sonraítear mar seo a leanas le hAirteagal 83 den dlí ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí agus úsáideoirí dar teideal ‘Neamhniú na gclásal éagórach agus marthanacht an chonartha’:

‘Beidh na téarmaí éagóracha ar neamhní go huathoibríoch agus measfar nach bhfuil siad ann. Chun na gcríoch sin, tar éis éisteacht leis na páirtithe, dearbhóidh an chúirt go bhfuil na téarmaí éagóracha atá sa chonradh ar neamhní, ach mar sin féin, leanfaidh an conradh de bheith ina cheangal ar na páirtithe ar na téarmaí sin más féidir leis leanúint de bheith ann gan na téarmaí éagóracha.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cód Sibhialta

8 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 6, mír 3 den Código Civil (cód sibhialta):

‘Beidh aon chaingean a sháraíonn riail shainordaitheach nó toirmeasc reachtúil ar neamhní trí oibriú an dlí, mura bhforchuireann siad pionós difriúil ar a sárú.’

9 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 1303 den chód sibhialta sin:

‘I gcás ina ndearbhaítear go bhfuil oibleagáid ar neamhní, ní mór do na páirtithe na hábhair ab ábhar don chonradh agus a dtairbhí, nó an praghas móide ús, a thabhairt ar ais dá chéile […]’

10 Ar an dáta a síníodh an comhaontú iasachta morgáiste atá i gceist sna príomhimeachtaí, foráladh le hAirteagal 1964 den Chód sin:

‘Tiocfaidh urchosc ama ar chaingne morgáiste tar éis 20 bliain agus tar éis 15 bliana do chaingne pearsanta nach bhfuil tréimhse theorann speisialta acu.’

11 Le linn chomhlíonadh an chonartha, leasaíodh Airteagal 1964 le Ley Uimh. 42/2015 de reforma de la Ley 1/2000 de Enjuiciamiento Civil (Dlí 42/2015 lena n-athchóirítear an Dlí um Nós Imeachta Sibhialta 1/2000) an 5 Deireadh Fómhair 2015 (BOE Uimh. 239 an 6 Deireadh Fómhair 2015, lch. 90240). Tar éis an leasaithe sin, seo mar a leanas atá an léamh ar an bhforáil sin:

‘1. Tá urchosc ama ar an ngníomh morgáiste i ndiaidh 20 bliain.

2. Beidh urchosc ama 5 bliana ón dáta a measfar feidhm a bheith ag an oibleagáid ar chaingne pearsanta nach mbeidh faoi réir urchosc ama sonrach. I gcás oibleagáidí leanúnacha chun gníomhú nó gan gníomhú, tosóidh an tréimhse ar gach mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist le haghaidh réamhrialú

12 An 19 Eanáir 2009, thug MF comhaontú iasachta morgáiste i gcrích le Banco Santander. Clásal sa chomhaontú sin a fhorchuirtear ar MF, mar iasachtaí, na costais go léir a bhaineann le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin, amhail na costais mar ullmhúchán don idirbheart agus na costais agus na cánacha a thabhaítear chun morgáiste a chruthú, a chlárú i gclár na talún, na costais bhainistíochta agus na costais a bhaineann leis an gcomhaontú sin a mhodhnú nó a chealú (‘an clásal táille’).

13 An 27 Feabhra 2023, thug MF caingean os comhair an Juzgado de Primera Instancia de La Coruña (Cúirt Chéadchéime La Coruña, an Spáinn), an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh dearbhú go raibh an téarma a bhaineann le costais neamhbhailí ar an bhforas go raibh sé éagórach. Leis an gcaingean sin, iarrann MF freisin go n-aisíocfar suim a chomhfhreagraíonn do leath tháillí an nótaire agus do na costais uile a bhaineann le clárú sa chlár talún, móide ús reachtúil.

14 Áitíonn Banco Santander go bhfuil urchosc ama ar an gcaingean chun an tsuim sin a aisíoc. Cé gur foráladh le hAirteagal 1964 den Chód Sibhialta, tráth a síníodh an comhaontú iasachta morgáiste, go mbeadh urchosc ama 15 bliana ar chaingean den sórt sin, leasaíodh an tréimhse sin le Dlí Uimh. 42/2015 agus laghdaíodh í go 5 bliana.

15 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis an bhféidearthacht, i bhfianaise phrionsabal an chomhionannais, déileáil ar bhealach éagsúil, ar an gcéad dul síos, le hiarratas ar dhearbhú go bhfuil téarma a líomhnaítear a bheith éagórach ar neamhní agus, ar an dara dul síos, le héileamh atá bunaithe ar éifeachtaí bunaidh cinnidh den sórt sin, amhail an cinneadh a bhí os a comhair.

16 Níl aon riail dlí ná cásdlí i gcóras dlí na Spáinne lena gceadófaí don tréimhse theorann le haghaidh caingean lena n-iarrtar dearbhú go bhfuil téarma conarthach ar neamhní a bheith éagsúil leis an tréimhse a bhfuil feidhm aici maidir leis an gcaingean bunaithe ar éifeachtaí cinnidh den sórt sin.

17 Sna himthosca sin, chinn an Juzgado de lo Mercantil nº 8 de La Coruña (Cúirt Tráchtála Uimh. 8 de La Coruña) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

‘An bhfuil sé contrártha le Treoir [93/13] agus prionsabal na coibhéise féidearthacht lena ndícheanglaítear neamhbhailíocht a chur i bhfeidhm ar bhonn éagóra ó éifeachtaí aisíoca, mura bhfuil aon teorainn ama le neamhbhailíocht agus, ag an am céanna, má tá teorainn ama ag gníomhartha aisíoca nuair nach bhfuil aon reachtaíocht nó cásdlí, i ndlí náisiúnta na Spáinne, a chuirfeadh i bhfeidhm í ar chaidrimh dlí eile?’

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

18 Cuireann Banco Santander i gcoinne inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú ar an bhforas nach sainaithníonn sé go beacht an riail náisiúnta líomhnaithe a bhfuil feidhm aici ar bhealach níos fabhraí maidir le caingne atá bunaithe ar shárú ar an dlí náisiúnta ná iad siúd atá bunaithe ar shárú ar dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, níl na heilimintí de dhlí na Spáinne is gá chun a chinneadh an gcomhlíontar prionsabal na coibhéise ar fáil don Chúirt.

19 De réir chásdlí socair na Cúirte, is faoin gcúirt náisiúnta amháin ar tugadh an díospóid os a comhair agus a chaithfidh freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, ar an ngá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh, a bhfuil toimhde na hábharthachta ag gabháil leo. Dá bhrí sin, toisc go mbaineann an cheist a chuirtear le léiriú nó le bailíocht rialach de dhlí an Aontais, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt, mura rud é gur léir nach bhfuil aon bhaint ag an léiriú atá á lorg le fíorais iarbhír nó ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí, má tá an fhadhb de chineál hipitéiseach, nó mura bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil is gá os a comhair chun freagra úsáideach a thabhairt ar an gceist sin (breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *Kutxabank*, C-300/23, EU:C:2024:1026, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 Ba cheart a mheabhrú freisin go gciallaíonn prionsabal na coibhéise nár cheart na rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme dhlí an Aontais atá mar chuid de dhlíchóras intíre na mBallstát de bhua phrionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát a bheith níos mífhabhraí ná na rialacha lena rialaítear cásanna intíre comhchosúla (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Unicaja Banco*, C-869/19, EU:C:2022:397, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

21 Ina hiarraidh ar réamhrialú, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do roinnt caingne a bheith ann, faoi dhlí na Spáinne, bunaithe ar éifeachtaí cinnidh neamhbhailíochta, nach bhfuil a chóras teorannaithe éagsúil le córas na caingne ba chúis leis an gcinneadh sin.

22 Leanann sé as sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, nach bhfuil, i ndlíchóras na Spáinne, na coinníollacha chun caingne a thionscnamh bunaithe ar éifeachtaí bunaidh cinnidh go bhfuil téarma conarthach éagórach ar neamhní chomh fabhrach leis na coinníollacha a bhfuil caingne inchomparáide eile, bunaithe ar éifeachtaí dearbhaithe neamhbhailíochta, faoina réir.

23 Dá bhrí sin, ní léir go bhfuil an léiriú ar dhlí an Aontais atá á lorg, go háirithe prionsabal na coibhéise, neamhábhartha i bhfianaise an chinnidh a iarrtar ar an gcúirt a rinne an tarchur a thabhairt nó nach mbaineann an léiriú atá á lorg ar fhorálacha dhlí an Aontais dá dtagraítear sa cheist a tharchuirtear le hábhar na díospóide sna príomhimeachtaí.

24 Tá amhras ar Rialtas na Spáinne freisin maidir le hinghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú a mhéid a dhíospóideann sé an bonn atá le réasúnú na hiarrata sin, atá bunaithe ar reachtaíocht nó cásdlí a bheith ann, sa dlíchóras náisiúnta, lena bhforáiltear, go ginearálta, go bhfuil caingean lena bhféachtar le héifeachtaí aisghníomhacha dearbhaithe neamhbhailíochta a dhearbhú faoi réir na tréimhse teorann céanna leis an gcaingean faoinar bunaíodh an dearbhú neamhbhailíochta sin. Cuireann an Coimisiún Eorpach an t-amhras céanna in iúl maidir leis an riail náisiúnta a bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag brath uirthi a bheith ann i ndlí na Spáinne.

25 Mar sin féin, ní faoin gCúirt atá sé, i gcomhthéacs chóras an chomhair bhreithiúnaigh a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE, cruinneas léirmhíniú na cúirte náisiúnta ar an dlí náisiúnta a fhíorú nó a thabhairt faoi cheist, ós rud é go dtagann an léiriú sin faoi dhlínse eisiach na cúirte sin. Anuas air sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais, agus tarchur chun réamhrialú á dhéanamh aici ó chúirt náisiúnta, í féin a theorannú don léiriú ar an dlí náisiúnta a chuir an chúirt nó an binse sin faoina bráid (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *Volvo Group Belgium*, C-436/23, EU:C:2024:1023, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

An cheist a tharchuirtear

27 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13 agus prionsabal na coibhéise a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht nó ar chásdlí náisiúnta, cé go bhforáiltear leo go bhfuil caingean lena n-iarrtar dearbhú go bhfuil téarma éagórach i gconradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthróir agus tomhaltóir ar neamhní faoi réir tréimhse theorann, lena gcuirtear caingean lena bhféachtar le héifeachtaí aisghníomhacha an chinnidh sin a dhearbhú faoi réir tréimhse theorann, agus, sa dlíchóras náisiúnta, nach bhfuil caingne eile atá bunaithe ar éifeachtaí cinnidh neamhbhailíochta faoi réir córas teorann atá éagsúil leis an gcóras lena rialaítear an chaingean as ar eascair an cinneadh sin.

28 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, faoi dhlí na Spáinne, nach ann, i bprionsabal, d'aon chás ina bhfuil neamhniú agus a éifeachtaí faoi réir dhá chóras teorannaithe éagsúla.

29 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir chásdlí na Cúirte, nach mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13 a léirmhíniú sa chaoi nach mór, i bprionsabal, téarma conarthach a mheastar a bheith éagórach a mheas mar théarma nach raibh ann riamh, agus mar thoradh air sin nach féidir aon éifeacht a bheith aige ar an tomhaltóir. Dá bhrí sin, ní mór, i bprionsabal, gurb é an toradh a bheidh ar chinneadh cúirte go bhfuil téarma den sórt sin éagórach an tomhaltóir a chur ar ais sa staid dhlíthiúil agus fhíorasach ina mbeadh sé mura mbeadh an téarma sin ann. Dá bhrí sin, tá éifeacht aisghníomhach chomhfhreagrach, i bprionsabal, ag an oibleagáid atá ar an gcúirt náisiúnta téarma conarthach éagórach a chur ar ceal lena bhforchuirtear íocaíocht suimeanna a chruthaítear a bheith míchuí maidir leis na suimeanna céanna sin (breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Raiffeisen Bank agus BRD Groupe Société Générale*, C-698/18 agus C-699/18, EU:C:2020:537, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Ar thaobh amháin, áfach, d'aithin an Chúirt cheana féin nach cosaint iomlán í cosaint tomhaltóirí agus go bhfuil socrú teorainneacha ama réasúnta chun imeachtaí a thionscnamh, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, i gcomhréir le dlí an Aontais (breithiúnas an 22 Aibreán 2021, *Profi Credit Slovakia*, C-485/19, EU:C:2021:313, mír 57).

31 Ar an dara dul síos, ní chuirtear bac le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13 ar reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar, cé go bhforáiltear go bhfuil caingean le haghaidh dearbhú go bhfuil téarma éagórach i gconradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthróir agus tomhaltóir ar neamhní faoi réir tréimhse theorann, caingean lena bhféachtar le héifeachtaí aisghníomhacha an chinnidh sin a dhearbhú faoi réir tréimhse theorann, ar choinníoll nach lú fabhar an tréimhse sin ná an tréimhse a bhaineann le caingne intíre comhchosúla (prionsabal na coibhéise) agus nach bhfágann sé go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair sa chleachtas na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú, go háirithe Treoir 93/13 (prionsabal na héifeachtachta) (féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Iúil 2020, *Raiffeisen Bank agus BRD Groupe Société Générale*, C-698/18 agus C-699/18, EU:C:2020:537, mír 58, mar aon leis an 8 Meán Fómhair 2022, *D.B.P. agus páirtithe eile (Crédit hypothécaire libellé en devises étrangères)*, C-80/21 go C-82/21, EU:C:2022:646, mír 90].

32 Maidir le prionsabal na coibhéise, go háirithe, lena mbaineann an cheist a tharchuirtear chun réamhrialú, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le comhlíonadh an phrionsabail sin go mbeidh feidhm ag an riail náisiúnta atá i gceist gan idirdhealú maidir le caingne atá bunaithe ar shárú ar dhlí an Aontais agus maidir le caingne atá bunaithe ar shárú ar an dlí náisiúnta a bhfuil ábhar comhchosúil agus cúis chaingne chomhchosúil acu (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Raiffeisen Bank agus BRD Groupe Société Générale*, C-698/18 agus C-699/18, EU:C:2020:537, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Dá bhrí sin, ní chuirtear cosc le Treoir 93/13 ná le prionsabal na coibhéise ar chaingean lena n-iarrtar éifeachtaí aisíoca cinnidh go bhfuil téarma conarthach éagórach ar neamhní a dhearbhú ó bheith faoi réir tréimhse theorann, trína dhearbhú nach bhfuil urchosc ama ar chaingean lena n-iarrtar dearbhú go bhfuil téarma den sórt sin ar neamhní, ar choinníoll nach lú fabhar an tréimhse theorann sin ná an tréimhse theorann is infheidhme maidir le caingne atá bunaithe ar shárú ar an dlí náisiúnta agus a bhfuil ábhar agus cúis chaingne chomhchosúil acu.

34 Sa chás seo, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh an bhfuil cosúlacht ann, ó thaobh a n-ábhair, a gcúise caingne agus a mbunghnéithe de, idir na caingne sna príomhimeachtaí agus na cineálacha eile caingne bunaithe ar an dlí náisiúnta a luann sí ina hiarraidh ar réamhrialú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Raiffeisen Bank agus BRD Groupe Société Générale*, C-698/18 agus C-699/18, EU:C:2020:537, mír 77).

35 Chun críocha an scrúdaithe sin, beidh ar an gcúirt sin a fhíorú, dá bhrí sin, an bhforáiltear le dlíchóras na Spáinne, i réimsí seachas iad siúd a chumhdaítear le Treoir 93/13, do chaingne bunaithe ar éifeachtaí cinnidh neamhbhailíochta atá cosúil – ó thaobh a n-ábhair, a gcúise caingne agus a mbunghnéithe de – leis an gcaingean a thug MF os a comhair ach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcásdlí náisiúnta, nach bhfuil faoi réir tréimhse theorann atá inchomparáide leis an tréimhse theorann a bhaineann leis an gcaingean dheireanach sin. Más amhlaidh atá, sáraítear prionsabal na coibhéise leis an reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos an tréimhse theorann sin don chaingean sna príomhimeachtaí.

36 Sna himthosca sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a chinneadh an bhfuil prionsabal na coibhéise á urramú agus í ag cur na gnéithe a luaitear i míreanna 32 go 35 den bhreithiúnas seo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Staatssecretaris van Veiligheid en justitie (Éifeacht fionraíochta an achomhairc)*, C-180/17, EU:C:2018:775, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13 agus prionsabal na coibhéise a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ná ar chásdlí, cé go bhforáiltear nach bhféadfar urchosc ama a chur ar chaingean le haghaidh dearbhú neamhbhailíochta téarma éagóraigh i gconradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthróir agus tomhaltóir, lena gcuirtear caingean a thionscnamh chun éifeachtaí aisghníomhacha an chinnidh sin a dhearbhú faoi réir tréimhse theorann, a mhéid a fhoráiltear leis an dlíchóras náisiúnta, i réimsí seachas na réimsí sin a chumhdaítear le Treoir 93/13, do chaingne bunaithe ar na héifeachtaí a bhaineann le cinneadh neamhbhailíochta atá cosúil – ó thaobh a n-ábhair, a gcúise caingne agus a mbunghnéithe de – leis an gcaingean chun na héifeachtaí aisghníomhacha sin a dhearbhú agus atá faoi réir tréimhse theorann atá inchomparáide leis an tréimhse theorann a bhaineann leis an gcaingean dheireanach sin.

Costais

38 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta ná ar chásdlí, cé go bhforáiltear nach bhféadfar urchosc ama a chur ar chaingean le haghaidh dearbhú neamhbhailíochta téarma éagóraigh i gconradh arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthróir agus tomhaltóir, lena gcuirtear caingean a thionscnamh chun éifeachtaí aisghníomhacha an chinnidh sin a dhearbhú faoi réir tréimhse theorann, a mhéid a fhoráiltear leis an dlíchóras náisiúnta, i réimsí seachas na réimsí sin a chumhdaítear le Treoir 93/13, do chaingne bunaithe ar na héifeachtaí a bhaineann le cinneadh neamhbhailíochta atá cosúil – ó thaobh a n-ábhair, a gcúise caingne agus a mbunghnéithe de – leis an gcaingean chun na héifeachtaí aisghníomhacha sin a dhearbhú agus atá faoi réir tréimhse theorann atá inchomparáide leis an tréimhse theorann a bhaineann leis an gcaingean dheireanach sin.

Sínithe